2026/1444

3.7.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1444 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Iúil 2026

lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1497/2007 agus (CE) Uimh. 1516/2007 a mhéid a bhaineann le ceanglais seiceála maidir le sceitheadh le haghaidh trealamh áirithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Rialacháin (CE) Uimh. 1497/2007 ([2]) agus (CE) Uimh. 1516/2007 ([3]) ón gCoimisiún chun íoscheanglais a leagan síos maidir le sceitheadh a sheiceáil i dtrealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, agus i gcórais cosanta dóiteáin, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 a aisghairm agus cuireadh ina ionad reachtaíocht de chuid an Aontais a tháinig ina dhiaidh sin maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, is é sin Rialachán (AE) 2024/573.

(2) Ó glacadh Rialacháin (CE) Uimh. 1497/2007 agus (CE) Uimh. 1516/2007, tá forbairt tagtha ar reachtaíocht an Aontais maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe agus í anois ag dul i dtreo rialacha níos cuimsithí agus níos comhtháite, lena n-áirítear ceanglais maidir le sceitheadh a chosc, faireachán, deimhniú agus coimeád taifead, rud a fhágann go bhfuil roinnt forálacha de na Rialacháin sin iomarcach. Tá cuid de na ceanglais theicniúla a leagtar síos sna Rialacháin sin bunaithe ar mhodhanna agus cleachtais bhraite a léiríonn staid na teicneolaíochta tráth a glacadh na Rialacháin sin agus ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach leo forbairtí teicneolaíochta a tháinig chun cinn ina dhiaidh sin. Thairis sin, tá an cur chuige modheolaíochta a leagtar amach sna Rialacháin sin róleathan, rud a fhágann go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige ann agus ní áirithítear cur i bhfeidhm comhchuibhithe ar fud an Aontais leis. Sa chleachtas, na cineálacha cur chuige modheolaíochta a leagtar síos sna Rialacháin sin ní úsáidtear go forleathan iad a thuilleadh.

(3) Níl gá a thuilleadh leis na rialacha a leagtar amach i Rialacháin (CE) Uimh. 1497/2007 agus (CE) Uimh. 1516/2007 agus, sa chleachtas, cuireadh ina n-ionad modheolaíochtaí seiceála sceite atá cothrom le dáta agus atá á gcur i bhfeidhm ar fud an Aontais don trealamh lena mbaineann. Chun soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun ualaí riaracháin a laghdú, ba cheart na Rialacháin sin a aisghairm gan rialacháin eile a chur ina n-ionad.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um gháis ceaptha teasa fhluairínithe,

([1]) IO L, 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1497/2007 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2007 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ceanglais chaighdeánacha a bhaineann le seiceálacha ar sceitheadh le haghaidh córais cosanta dóiteáin do-aistrithe ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe áirithe (IO L 333, 19.12.2007, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1497/oj).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1516/2007 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2007 lena mbunaítear, de bhun Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ceanglais chaighdeánacha a bhaineann le seiceálacha ar sceitheadh le haghaidh trealamh do-aistrithe cuisniúcháin, aerchóiriúcháin agus teaschaidéil ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe áirithe (IO L 335, 20.12.2007, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2007/1516/oj).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe áirithe (IO L 161, 14.6.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/842/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Aisghairm

Aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1497/2007 agus (CE) Uimh. 1516/2007.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN